RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/981 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meitheamh 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'easbhrúnna alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí easbhrúnna alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, is allmhairí iad atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Guangdong Huachang Aluminium Factory Co., Ltd., cód breise TARIC ([3]) C575, ar cuideachta é atá faoi réir ráta dleachta frithdhumpála 22,1 % le haghaidh táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte, chuir sé in iúl don Choimisiún an 9 Meitheamh 2021 ("dáta na hiarrata") gur athraigh sé a ainm go Guangdong Huachang Group Co., Ltd.

(3) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dheimhniú nach ndéanann an t-athrú san ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta frithdhumpála ab infheidhme maidir léi faoin seanainm a bhí uirthi roimhe sin.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus is é ba chonclúid don scrúdú go raibh an t-athrú san ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon ghaol nua ann le grúpaí eile cuideachtaí mar thoradh air, cuideachtaí nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú san ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546, go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis.

(6) Dheimhnigh an fhianaise sa chomhad freisin go raibh an t-athrú san ainm infheidhme ón 26 Aibreán 2021 ar aghaidh, an lá a d'fhormheas Oifig Riaracháin Foshan Nanhai um Rialáil Margaidh an t-athrú san ainm.

(7) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC C575 dó roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart don athrú san ainm teacht i bhfeidhm ó dháta na hiarrata ar aghaidh, i.e. 9 Meitheamh 2021.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 ón gCoimisiún mar a leanas:

"Guangdong Huachang Aluminium Factory Co., Ltd.	C575"

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 ón gCoimisiún an 29 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'easbhrúnna alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 109, 30.3.2021, lch. 1).

([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

"Guangdong Huachang Group Co., Ltd.	C575"

2. An cód breise TARIC C575 a sannadh do Guangdong Huachang Aluminium Factory Co., Ltd. roimhe seo, beidh feidhm aige maidir le Guangdong Huachang Group Co., Ltd. ón 9 Meitheamh 2021 ar aghaidh.

3. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Guangdong Huachang Group Co., Ltd. de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 a mhéid a bhaineann le Guangdong Huachang Aluminium Factory Co., Ltd., is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN